# Imeachtaí Gnó 2030



Tourism Ireland

Fáilte Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár Ábhair

**Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Peter Burke, T.D** 03

**Réamhrá Cathaoirleach an Ghrúpa Straitéise Turasóireachta Gnó** 04

**Achoimre ar an Straitéis** 05

- Aidhmeanna na Straitéise 06
- Spriocanna na Straitéise 06
- Achoimre ar an Straitéis 07
- Bunluachanna na Straitéise 08

**Maidir le hImeachtaí Gnó** 09

- An Chúis a mBaineann Imeachtaí Gnó leis an nGeilleagar 10
- An Fáth a mBaineann Imeachtaí Gnó leis an tSochaí 13
- An Chúis a mBaineann Imeachtaí Gnó leis an Timpeallacht 15

**Colúin Straitéiseacha** 16

- Sprioc 1 – Eacnamaíoch 18
- Sprioc 2 – Sóisialta 22
- Sprioc 3 – Comhshaoil 25

**Ag Tacú le Tosaíochtaí an Rialtais** 28

**Ailíniú de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann** 29

**Foghrúpaí** 30

**Gluais Téarmaí** 31

# Réamhrá leis an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Peter Burke, T.D

Tá sprioc shoiléir an Rialtais seo chun earnáil turasóireachta na hÉireann a mhéadú leagtha amach i gClár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú. Is bealach tábhachtach é chun líon ár gcuairteoirí agus ár dtairiscintí turasóireachta a mhéadú straitéis d'imeachtaí gnó a fhorbairt agus a chur díobh.

Le roinnt mhaith blianta anuas, aithnítear gur príomhspreagadh de mhéadú eacnamaíoch é taisteal gnó. Mar cheann de na deighleoga turasóireachta is mó a bhfuil toradh air, cuireann sé níos mó ná €1bn[1] leis an ngeilleagar gach bliain, €290m[2] leis an Státchiste agus tacaíonn sé le beagnach 22,000 post.

Is éard atá sa straitéis nua seo um imeachtaí gnó ná toradh ar chomhoibriú idir mo Roinn féin, Fáilte Ireland, Tourism Ireland agus ceannródaithe an tionscail ón earnáil turasóireachta agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Ollscoileanna na hÉireann, Sláinte Phoiblí agus tuilleadh. Tá mé muiníneach go gcomhlíonfaidh an comhoibriú sin a ghealltanas.

Sa straitéis, aithnímid an luach agus an acmhainn iomlán atá in imeachtaí gnó. Tá áthas orm go háirithe aird a dhíriú ar an leas atá ann do 20,000[3] fiontar beag agus meánmhéide (SMEanna), do phobail áitiúla agus do chomharghnóthaí earnálacha. Tá cuntas teiste láidir ag Éirinn maidir le comhlachtaí domhanda a mhealladh lena ngnóthaí a lonnú, a thógáil agus a mhéadú. Le blianta beaga anuas tá ardú feicthe againn maidir le gnóthaí ardfháis ag teacht go hÉirinn, ar fud réimse leathan de thionscail lena n-áirítear comhlachtaí cógaisíochta, ICT agus fuinneamh in-athnuaite. Cuirfear leis an gcuntas teiste sin ach imeachtaí gnó a mhealladh. Is féidir go gcuirfidh imeachtaí mar sin rochtain ar fáil do na treochtaí agus léargais earnálacha is déanaí. Féadfar go gcothóidh siad comhoibriú agus go dtabharfaidh siad cúiteamh ar thiomantas.

Trínár dtacaíocht leanúnach do Tourism Ireland agus Fáilte Ireland, tá an Rialtas dírithe ar Éirinn a chur os comhair an phobail mar cheann scríbe ardchaighdeáin inrochtana do chuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus ag an am céanna dírithe ar ár ngealltanais maidir le freagrachtaí timpeallachta agus sóisialta a chomhlíonadh.





**Peter Burke T.D.**
An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

*Fonóta:*

1. *Gineann Fáilte Ireland staitisticí maidir le turasóireacht thar lear trí shraith staitistiúil um Thurasóireacht Isteach de chuid CSO a úsáid.*
2. *Cabhraíonn gach €1m de chaiteachas turasóra le tacú le 22 fostaí i dtionscail turasóireachta agus maidir le gach euro a chaitear, meastar go dtagann 29 bpingin ar ais go dtí an Státchiste.*
3. *Meastar go bhfuil 20,000 SME (ina bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe) san earnáil Lóistín agus Bia.*

# Réamhrá Cathaoirleach an Ghrúpa Straitéise Turasóireachta Gnó

## Cruthaíodh an straitéis trí chomhoibriú idir an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Fáilte Ireland, Tourism Ireland agus ceannródaithe tionscail.

Is straitéis uaillmhianach í seo, a thugann aitheantas do na himeachtaí iontacha gnó atá á dtairiscint in Éirinn agus don chlú láidir a ghnóthaigh siad ar fad go dtí seo. Is é is aidhm ag an straitéis seo tacú le polasaithe agus spriocanna rialtais a spreagann torthaí láidre eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta.

Cuireann imeachtaí gnó deis ar leith ar fáil chun tionchar dearfach a imirt faoi gach colún straitéiseach agus chun spriocanna an rialtais a chur i gcrích. Trí dhul i dtreo cur chuige níos comhoibríche maidir le forbairt earnáil imeachtaí gnó na hÉireann, is féidir go mbeidh luach méadaithe ar thurasóireacht agus ar an éiceachóras níos leithne mar thoradh ar chur i bhfeidhm.

Chun beocht a chur sa straitéis seo, agus chun na gníomhartha ar gá leo na tosca ratha leagtha amach laistigh di a bhaint amach a chur chun feidhme, éilítear roinnt príomhriachtanais:

### Éiceachóras

- Na buntáistí forleathana a bhaineann le himeachtaí gnó a léiriú do pháirtithe leasmhara níos leithne an rialtais agus aitheantas a ghnóthú maidir leo.

### Maoirseacht agus Monatóireacht

- Grúpa maoirseachta faoi stiúir na Roinne a bhunadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise.

### Foghrúpaí

- Na Foghrúpaí atá treoraithe ag Gníomhaireacht agus a bhfuil cathaoirleacht déanta ag tionscal orthu, bunaithe cheana féin, atá freagrach as pleananna a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus as rath a bhaint amach astu. Tá ionadaíocht ag na grúpaí sin ón tionscal turasóireachta agus ón earnáil tionscail níos leithne araon lena n-áirítear GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Ollscoileanna, Sláinte Phoiblí agus go léir eile.

- Tá Fáilte Ireland freagrach as gníomhaíochtaí comhdhála comhlachais, lena n-airítear ábhar cliaint a aimsiú, díolacháin a éascú, imeachtaí, tairiscintí, tiontú, srl, in Éirinn nó thar lear. Tá sé de fhreagracht ar Fáilte Ireland imeachtaí gnó níos ginearálta a chur chun cinn thar lear, cruinnithe agus dreasachtaí ina measc.

### Cur chun feidhme

- Pleananna cur chun feidhme treoraithe ag an earnáil agus cumasaithe ag an ngníomhaireacht, agus a eascraíonn ón treo straitéiseach sin a fhorbairt.

- Pleananna cur chun feidhme a ailíniú le cláir náisiúnta agus le spriocanna agus cuspóirí an rialtais.

- Tacú le taithí den chéad scoth a chur ar fáil do thoscairí trí fhoghlaim agus trí fhorbairt.

- Tarraingteacht na hÉireann a chothabháil trí chreat fóirdheontais maidir le himeachtaí gnó a cheapadh, rud a spreagfaidh tionchar réigiúnach, séasúrach, earnálach, sóisialta agus comhshaoil.

- Uirlis tomhais agus creat leagáide um imeachtaí gnó a cheapadh.

- Tionscal turasóireachta a éascú chun luach cruinnithe a mhéadú agus chun gnó a spreagadh chun na hÉireann.

- Tacú le hearnáil na n-imeachtaí gnó chun cabhrú le gníomh an Rialtais maidir le spriocanna aeráide a bhaint amach.






**Stephen Kavanagh**
Cathaoirleach an Ghrúpa Straitéise Turasóireachta Gnó

# Achoimre ar an Straitéis

An cuspóir uileghabhálach atá ag an straitéis seo ná aghaidh a thabhairt ar chur chuige comhoibríoch chun luas forbartha d’earnáil imeachtaí gnó den chéad scoth a mhéadú agus na tairbhí imeachtaí gnó ar fad a bhaint amach ar son na hÉireann.




** Gnólacht le gnólacht.*

# Aidhmeanna na Straitéise

Is é is aidhm ag an straitéis ná na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Aird a tharraingt ar Éirinn mar phríomhcheann scríbe le haghaidh imeachtaí gnó idirnáisiúnta.
- Luach d'imeachtaí gnó a mhéadú thar thurasóireacht.
- Obair a dhéanamh chun gairmithe fadtéarmacha inbhuanaithe a bhfuil pá maith ag dul leo a fhorbairt san earnáil imeachtaí gnó.
- Leathadh réigiúnach cothrom a fhorbairt, agus réigiúnacht agus séasúracht a chur chun cinn.
- Tacú le polasaithe agus le spriocanna rialtais a spreagann torthaí láidre eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta.
- Imeachtaí gnó a sholáthar a chomhlíonann na caighdeáin inbhuanaitheachta a ndéantar níos righne de réir a chéile, caighdeáin a mbíonn comhdhálacha agus cruinnithe corparáideacha ag súil leo.
- Tacú leis an earnáil imeachtaí gnó chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 45%.

# Spriocanna na Straitéise

## Sprioc 1– Eacnamaíoch

### Luach imeachtaí gnó a réadú

- Fás ioncaim a bhaint amach ón earnáil imeachtaí gnó.
- Tús áite a thabhairt do luach thar mhéid in earnáil imeachtaí gnó na hÉireann.
- Fórsa oibre turasóireachta atá seasmhach agus láidir a chothú le haghaidh fás inbhuanaithe.

## Sprioc 2 – Sóisialta

### Rannchuidiú le pobail níos láidre a fhorbairt ar leibhéal áitiúil, earnálach agus náisiúnta

- Tionchar dearfach a imirt ar phobail áitiúla óstach.
- Tairbhí leagáide níos fadtéarmaí a sholáthar le haghaidh pobail earnálacha.
- Rannchuidiú le spriocanna agus cuspóirí náisiúnta a bhaint amach.

## Sprioc 3 – Comhshaoil

### Ardchaighdeáin inbhuanaitheachta a chomhlíonadh in Imeachtaí Gnó

- Tacú leis an earnáil imeachtaí gnó chun spriocanna aeráide a bhaint amach.
- Imeachtaí gnó a bhfuil luach ard orthu a mhealladh trí chleachtais inbhuanaithe.
- Dea-chleachtais i gcomhlíontacht timpeallachta agus éifeachtacht acmhainne a chur chun cinn.

# Achoimre ar an Straitéis

Feidhmíonn an earnáil imeachtaí gnó mar earnáil easpórtála, rud a spreagann cruthú fostaíochta, a chothaíonn nuálaíocht agus a mheallann infheistíocht go hÉirinn. Is ardáin freisin iad imeachtaí gnó maidir le haistriú eolais agus le dul chun cinn trádála, rud a fheabhsaíonn iomaíochas áite ar an stáitse domhanda.

Láraíonn Éire í féin mar mhol do chomhoibriú agus d'infheistiú idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí gnó idirnáisiúnta, rud a mhéadaíonn a tarraingteacht do pháirtithe leasmhara domhanda. Trí bhealach a dhéanamh trí na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le tírdhreach iomaíoch agus trí leas a bhaint as a bhunacmhainní, is féidir le hÉirinn leanúint dí féin a lárú mar cheann scríbe den chéad scoth le haghaidh imeachtaí gnó, agus a cúrsa sa todhchaí ar an stáitse domhanda a dhíriú.

Mar áit a bhfuil clú agus cáil uirthi de thairbhe a geilleagar oscailte agus a haeráid thacúil ghnó, meallann Éire gnólachtaí domhanda ar fud earnálacha éagsúla, rud atá á neartú ag a fórsa oibre oilte agus ag a comhshaol spreagtha ag nuálaíocht. Feabhsaíonn ollscoileanna agus acmhainní taighde na tíre, a bhfuil ardmheas orthu, a mealltacht tuilleadh mar cheann scríbe imeachtaí gnó.

Teastaíonn fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) ar an bhfód ó imeachtaí gnó chun beart a dhéanamh de réir a mbriathair. Mar sin de, tá ról criticiúil acu maidir le rath na hearnála seo. Is é is aidhme ag an straitéis seo tacú le SMEanna, agus leo siúd atá fostaithe acu, go háirithe, na hearnálacha miondíola agus fáilteachais agus leo siúd i slabhra soláthair níos leithne na n-imeachtaí gnó, amhail gnólachtaí closamhairc, soláthraithe iompair, déantóirí bia agus dí, siamsaíocht, srl.





# Bunluachanna na Straitéise


Is iad Claochlú, Inbhuanaitheacht agus Muintearas na bunluachanna leabaithe sa straitéis.

Tá cur chuige claochlaitheach glactha chun an straitéis seo a fhorbairt agus léireofar é i gcur i ngníomh na straitéise, sa chaoi a mbeidh rialtas agus tionscal ag obair i gcomhar le chéile chun an luach iomlán a bhaineann le himeachtaí gnó a bhaint amach.

Tá an straitéis seo fréamhaithe i luach forbartha inbhuanaithe. Cuireann forbairt inbhuanaithe turasóireachta tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus timpeallachta san áireamh, chun dul i ngleic le riachtanais chuairteoirí, na hearnála, na timpeallachta agus na bpobal óstach. Tá sé mar aidhm aici an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní timpeallachta, meas a léiriú ar údaracht shoch-chultúrtha de phobail óstach, agus oibríochtaí eacnamaíochta fadtéarmacha inmharthana a dheimhniú.

Díríonn an straitéis ar na buntáistí atá ann d'Éirinn go hidirnáisiúnta, go náisiúnta agus go háitiúil, rud a chinntíonn tionchair dhearfacha ar phobail agus leas leagáide fadtéarmach do phríomhearnálacha.

Agus cur chuige Éire Inc glactha, is léiriú é sin ar straitéis chomhoibríoch shineirgeach a chomhaontaíonn páirtithe leasmhara éagsúla agus eagraíochtaí chun bheith ag obair i gcomhar le chéile go héifeachtúil in Éirinn agus i bpríomh-spriocmhargaidh. Baineann sé le comhoibriú a chothú, éiceachóras comhtháite a chruthú agus leas a bhaint as intleacht chomhchoiteann chun dul i ngleic le dúshláin agus chun deiseanna a thapú.




*Éiceachóras Imeachtaí Gnó d'Éirinn Inc*

# Maidir le hImeachtaí Gnó

Tagann toscairí imeachta gnó go hÉirinn chun freastal ar chomhdhálacha, cruinnithe corparáideacha nó ar thuras dreasachta. Meastar gur turasóireacht is féidir a chur chun cinn atá inti, inar féidir le ceann scríbe tairiscint a dhéanamh chun an t-imeacht a óstáil.

Tugtar 'MICE' ar Imeachtaí Gnó freisin, giorrúchán a chiallaíonn Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha agus Taispeántais.

De bharr go bhfuil speisialtóireacht ard, luach ard agus toradh ard ag baint leis an earnáil seo, meastar go ngineann gach cuairteoir ar imeacht gnó dhá oiread go leith, beagnach, i gcomparáid le cuairteoir fóillíochta.

- Is éard atá i **gCruinnithe** ná imeachtaí corparáideacha atá á reáchtáil ag comhlachtaí mar chuid dá bhfor-rochtain mhargaíochta, oiliúna, spreagtha nó cumarsáide. I measc na samplaí tá tionscnaimh dhíolacháin, cruinnithe straitéiseacha, seoltaí táirge nó seónna bóthair. Tagann cruinnithe corparáideacha go hÉirinn go díreach nó trí phleanálaithe atá fostaithe ag gníomhaireachtaí imeachta tríú páirtí, de ghnáth. Tá pleanálaithe freagrach as cinn scríbe a mholadh maidir le cruinnithe corparáideacha dá gcliaint nó gearrliosta a chur chun tosaigh a chuirfidh cuspóirí a gcliant i gcrích, dar leo. Is féidir le hoifigí corparáidí ilnáisiúnta cás a chur i láthair maidir le cruinnithe corparáideacha a óstáil, rud lena dtugtar deis dóibh cur síos a dhéanamh ar a n-oibríochtaí in Éirinn.
- Is éard atá i **nDreasachtaí** ná turais tugtha mar chúiteamh atá á n-úsáid ag gnólachtaí chun fostaithe nó líonraí díolacháin níos leithne a spreagadh agus a ghríosú chun táirgiúlacht a fheabhsú. Is eispéireas taistil den chéad scoth é an cúiteamh sin, turas a bhfuil gach costas íoctha don fhostaí. Cosúil le cruinnithe corparáideacha, tagann grúpaí Dreasachta go ceann scríbe go díreach nó trí Theach Dreasachta, ar gníomhaireacht tríú páirtí é. Is éard atá i dTithe Dreasachta ná gnólachtaí a dhéanann speisialtóireacht i gcláir dhreasachta a cheapadh agus a bhainistiú, agus monatóireacht a dhéanamh orthu, thar ceann a gcliaint chorparáidigh.
- Eagraíonn comhlachais trádála agus ghairmiúla idirnáisiúnta **Comhdhálacha** de ghnáth chun a mbaill agus a mBord Stiúrtha a thabhairt le chéile. Reáchtálann na comhlachais sin comhdhálacha rialta dá mbaill a d'fhéadfadh a bheith ar bhonn idirnáisiúnta, náisiúnta nó réigiúnaigh. Tionólann siad i láthair agus athraíonn siad idir cinn scríbe ar bhonn uainíochta. Meastar go n-eagraítear agus go reáchtáiltear 24,000 cruinniú comhlathais[4] ar an mbealach sin go domhanda. Cé go n-éilítear an chuid is mó de na comhdhálacha comhlathais gné d'imthairiscint iomaíoch, a bhaineann le ball áitiúil nó náisiúnta an chomhlathais moladh nó cuireadh a chur chun tosaigh (mar dhuine aonair nó mar chuid de ghrúpa imthairisceana); athróidh na rialacha, na próisis, agus na critéir chinnteoireachta ó chomhlathas go comhlathas. Mar gheall ar a scála mór, cuirtear tús le pleanáil blianta sula dtarlaíonn an chomhdháil.
- Baineann **Imeachtaí** le himeachtaí cultúrtha agus spóirt atá ar oscailt d'imthairiscint, amhail an Corn Ryder 2027, Euro 2028, T20 Cricket World Cup 2030, The Open Championship, NFL Dublin Game 2025, srl. Cé nach bhfuil na himeachtaí sin san áireamh go díreach sa straitéis seo, tá siad mar chuid de Bheartas agus Creat Straitéiseach um Mórimeachtaí Idirnáisiúnta Spórt. Tá ailíniú láidir idir na straitéisí imeachtaí gnó agus spórt araon, go háirithe maidir le comhthéacs an tionchair agus na leagáide.


*Fonóta:*
*4 Cumann Comhdhálacha Idirnáisiúnta (ICCA)*

# An Chúis a mBaineann Imeachtaí Gnó leis an nGeilleagar

Tá Imeachtaí Gnó nó turasóireacht MICE (Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha agus Taispeántais) ag teacht chun cinn mar phríomhdheighleog san earnáil imeachtaí gnó dhomhanda. Leis an gcineál turasóireachta sin, ceadaítear le cinn scríbe iad féin a lárú mar lárionaid ghnó agus teicneolaíochta agus ag an am céanna déanann siad an geilleagar áitiúil a neartú.

Maidir le cinn scríbe a mheallann imeachtaí móra tá borradh feicthe acu ina mbonneagar agus nuachóiriú déanta ar a seirbhísí, rud a fheabhsaíonn an t-eispéireas don lucht freastail agus a fhágann leagáid a mbainfidh cónaitheoirí sult astu go fadtéarmach.

Tacaíonn an earnáil imeachtaí gnó, ar luach **USD $1.6 trilliún** é, a bhfuil tionchar eacnamaíoch domhanda iomlán de **$2.8 trilliún** aici mar aschur, le **27.5m post go domhanda***. Tá ról an-tábhachtach ag an earnáil imeachtaí gnó sa gheilleagar domhanda, fite le chéile le hearnáil an tionscail, slabhraí soláthair agus cruthú luacha.




Le blianta anuas, aithnítear gur príomhspreagadh de mhéadú eacnamaíoch iad imeachtaí gnó.

## Luach Imeachtaí Gnó a Réadú

Cuireann an earnáil taistil gnó go sonrach le geilleagar na hÉireann, agus gineann sí ioncam ag druidim ar **€1bn** gach bliain agus tacaíonn le **22,000 post**.

Meastar go gcuireann toscairí imeachtaí gnó, an deighleog de thaistil ghnó is féidir a chur chun cinn, dhá oiread go leith d'ioncam sa gheilleagar áitiúil i gcomparáid le turasóirí fóillíochta. Déanann siad leas don éiceachóras turasóireachta níos leithne trí ghnóthaí ardtoraidh a spreagadh go minic le linn tréimhsí i lár na seachtaine nó tréimhsí le linn an tséasúir chiúin, rud a chomhlánaíonn an earnáil fóillíochta.

## Tairbhithe

Déanann SMEanna dúchais agus móreintitis idirnáisiúnta leas don éiceachóras imeachtaí gnó, rud a chuireann borradh faoi theagmháil agus tionchar na hearnála. Is éard atá i ngach imeacht faighte ag Éirinn ná deiseanna nua gnó, rud a chuireann sruthanna ioncaim sa gheilleagar agus a chuireann seasmhacht ar fáil don slabhra soláthair.

* *Foinse: Comhairle um Thionscail na nImeachtaí/ Eacnamaíocht Oxford 2023.*

# Luach Toscaire Comhlathais


Meastar go bhfuil luach a dhá oiread go leith ar gach toscaire imeachtaí gnó i gcomparáid le luach cuairteora fóillíochta, gan caiteachas ar thaisteal chun teacht go dtí an ceann scríbe a chur san áireamh. Caitheann toscairí beagán níos mó na 52% de sin nuair atá siad sa tír ar lóistín, bia agus deoch, iompar, siamsaíocht agus earraí miondíola. Caitheann an t-eagraí an fuílleach ar ionad a fháil ar cíos, closamhairc, troscáin a fháil ar cíos, srl.



I measc na bpríomhstraitéisí chun tionchar imeachtaí gnó a uasmhéadú atá fócas ar réigiúnacht agus ar shéasúracht, agus ar chuairteoirí ardtoraidh, a bhfuil an acmhainn acu fanacht níos faide agus a fhilleadh, a mhealladh. Áirítear leis na príomh-mhéadrachtaí monatóireacht a dhéanamh ar dheiseanna gnó, comhpháirtíochtaí, bearta infheistíochta, chomh maith le toradh ar infheistíocht do pháirtithe leasmhara a ríomh trí chomparáid a dhéanamh maidir le costais óstála in aghaidh leasa amhail ioncam turasóireachta méadaithe, infheistiú díreach eachtrannach, cruthú fostaíochta, ioncam cánach agus fás gnó.

## Turasóireacht Fóillíochta a Chomhlánú

Cuireann an lucht freastail ar imeachtaí gnó ioncam nach beag sa gheilleagar, agus comhlánaíonn na himeachtaí sin turasóireacht fóillíochta, mar bíonn siad ag tarlú go minic le linn thréimhse an tséasúir chiúin agus i lár na seachtaine.




De ghnáth, reáchtáiltear imeachtaí gnó i lár na seachtaine nó taobh amuigh de mhíonna gnóthacha an tsamhraidh, rud a thacaíonn le hinbhuanaitheacht ghnó agus a chomhlánaíonn gnáthphatrúin fóillíochta agus, ag an am céanna, ag cur le beocht na gcathracha.

Is féidir le toscairí imeachtaí gnó a gcuairt a shíneadh, roimh an imeacht nó ina dhiaidh, chun dul i dtaithí leis an gceann scríbe óstach nó chun filleadh ar an gceann scríbe níos déanaí, mar chuairteoir fóillíochta. Tugann an Suirbhé um Chaiteachas Toscaire Imeachtaí Gnó Ipsos MIRBI le fios gur mhaith le 65% de na toscairí uile atá ag freastal ar chomhdháil in Éirinn teacht ar ais ar saoire agus mholfadh 75% díobh Éire le haghaidh sos gairid.

## Buntáistí Fadtéarmacha

Thar ghnóthachain eacnamaíocha láithreacha, tá buntáistí fadtéarmacha ag baint le himeachtaí gnó, amhail infheistiú díreach eachtrannach, gnólachtaí nuálaíocha agus tallann in earnálacha ardfháis a mhealladh. Is féidir leis na himeachtaí sin Éire a lárú mar cheann scríbe den chéad scoth maidir le ceannasaíocht smaoinimh agus dul chun cinn an tionscail, rud a spreagann fás eacnamaíoch, a ghríosaíonn cruthú fostaíochta agus a chinntíonn todhchaí rathúil.




## Dlús a Chur le hAthrú

Trí ghnólachtaí, eintitis rialtais, an saol acadúil agus saoránaigh a cheangal le chéile, cuireann imeachtaí gnó dlús le hathrú ar fud earnálacha tosaíochta. Neartaíonn siad féiniúlacht na hÉireann mar mhol do nuálaíocht agus claochlaíonn siad tionscail dúchais trí rochtain ar ardáin eolais dhomhanda a chur ar fáil. Chun bealach a dhéanamh trí na dúshláin agus na deiseanna sin, tá fadcheann straitéiseach, nuálaíocht agus comhoibriú ríthábhachtach laistigh d’earnáil na n-imeachtaí gnó agus ar fud earnálacha rialtais.

## Feabhas a Chur ar Chlú Domhanda na hÉireann

Mar chuid de Chlár an Rialtais 2025, tá an Rialtas seo tiomanta d’obair a dhéanamh lena chinntiú go n-éireoidh Éire ina ceannródaí nuálaíochta domhanda, rud a dheimhneoidh go bhfuilimid sofhreagrúil agus a bheith ullamh chun tacú le gnólachtaí nua a bhfuil fás mór acu. Is féidir le himeachtaí gnó clú domhanda agus iomaíocht idirnáisiúnta na hÉireann a ardú trí dheiseanna nua gnó agus infheistiú a mhealladh. Cuireann siad nuálaíocht, taighde agus forbairt na hÉireann, chomh maith le deiseanna comhoibrithe le hollscoileanna, os comhair an phobail. Tá sé ríthábhachtach tionchar imeachtaí gnó ar aistriú eolais, Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (RD&I) a mheasúnú laistigh d’fhiontar dúchais agus de phríomhearnálacha. Áirítear leis sin rianú a dhéanamh ar ghlacadh teicneolaíochta nua, dea-chleachtais agus smaointe comhroinnte le linn imeachtaí, chomh maith le forbairt táirgí, seirbhísí agus comhar taighde nua.



# An Fáth a mBaineann Imeachtaí Gnó leis an tSochaí

## Tionchar Sochaíoch agus Torthaí Fadtéarmacha

Is féidir go mbeidh tairbhí buana sochaíocha mar thoradh ar imeachtaí gnó trí thionchar a imirt ar pholasaí an rialtais, trí pháirtithe leasmhara a thabhairt isteach agus trí thaighde agus oideachas a spreagadh. Éascaíonn siad deiseanna líonraithe do ghnólachtaí Éireannacha, cuireann siad an tír os comhair an phobail mar cheann scríbe tarraingteach maidir le hinfheistíocht agus sealbhú eolais agus cothaíonn siad cultúr nuálaíochta agus cruthaitheachta. Anuas air sin, cruthaíonn imeachtaí gnó naisc ríthábhachtacha idir rialtas agus tionscal, ag spreagadh comhráite agus ag aimsiú deiseanna infheistíochta d'fhás sa todhchaí.

Léiríonn analach an chnoic oighir luach imeachtaí gnó thar an turasóireacht go beacht: léiríonn an pointe ioncam láithreach na turasóireachta a atá ginte, cé go bhfuil tionchar ollmhór ina luí faoin dromchla. Áirítear leis an tionchar níos doimhne aistriú eolais feabhsaithe, taighde ceannródaíoch agus bunú de líonraí áitiúla agus domhanda. Aithnítear gur príomhthionchairí iad imeachtaí gnó ar thrádáil isteach agus ar chinntí infheistíochta, chomh maith le maidir le saineolas a chur chun cinn i ngnéithe tábhachtacha amhail cúram sláinte agus oideachas.

Tá treocht mhéadaitheach i measc toscairí agus eagraithe imeachtaí gnó deiseanna a lorg maidir le rannchuidiú dearfach sóisialta nuair a bhíonn siad ag taisteal le haghaidh imeachtaí gnó. I measc na rannchuidithe sin tá réimse ann ó thionscnaimh láithreacha fhollasacha a bhaineann le Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) go buntáistí i bhfad níos fadtéarmaí do na pobail atá i gceist.

Agus aitheantas tugtha do na buntáistí sochaíocha fadtéarmacha a bhaineann le comhdhálacha idirnáisiúnta a óstáil, tá an Rialtas seo tiomanta do chur chun feidhme an chomhaontaithe chomhoibrithe leis an Eagraíocht Sláinte Dhomhanda a chur chun cinn. Áirítear leis sin Comhdháil Dhomhanda ar Bharrfheabhsú an Fhórsa Oibre Sláinte a sholáthar, chomh maith le EXPO maidir le Teicneolaíochtaí Cúnaimh/Digiteacha agus an Chomhdháil Idirnáisiúnta WHO Dhomhanda um Thacú le Seandaoine.

## Pobail

### Pobail Áitiúla

Baineann pobail áitiúla leas as tionchar láithreach imeachtaí gnó, lena n-áirítear infheictheacht mhéadaithe agus ionchuimsitheacht do ghrúpaí mionlaigh, rannpháirtíocht iarimeachta i ngníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha, agus feabhsuithe ar shláinte agus ar fholláine an phobail. Tugann na himeachtaí páirtithe leasmhara isteach, rud a chothaíonn tionscnaimh phobal-spreagtha chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha agus chun folláine san iomlán a fheabhsú.

### Comharghnóthaí/Pobail Earnálacha

Is ardáin chumhachtacha iad imeachtaí gnó le haghaidh comharghnóthaí/pobail earnálacha, amhail na cinn sainithe ag gairmithe (liachta, eolaíoch, airgeadais) nó ag naisc théamacha (IS, rochtain). Éascaíonn siad comhroinnt eolais, forbairt acmhainní, spreagadh nuálaíochta agus forbairt ghairmiúil. Tá ról ríthábhachtach ag comharghnóthaí maidir le habhcóideacht a dhéanamh ar son a mball, forbairtí a spreagadh laistigh dá réimsí agus athruithe dearfacha a chothú trí dheiseanna líonraithe agus trí thionscnaimh chomhoibrithe.

### Tionscnaimh Fhadtéarmacha agus Tionchar Polasaithe

Síneann buntáistí imeachtaí gnó thar fhorbairt ghairmiúil láithreach. Spreagann na himeachtaí sin tionscnaimh fhadtéarmacha ar féidir tionchar a bheith acu ar pholasaí ar bhonn náisiúnta. De réir mar a théann comharghnóthaí chun cinn, múnlaíonn siad polasaithe a chothaíonn nuálaíocht, a fheabhsaíonn caighdeáin tionscail agus a thugann aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha laistigh dá réimse. Leis sin cruthaítear moil speisialtóirí agus cleachtais inbhuanaithe ghnó, rud a bhfuil fás leanúnach eacnamaíoch agus caighdeán feabhsaithe na beatha mar thoradh air.

## Tionchar Áitiúil agus Rialtais

Cuireann an dá bhuntáiste de dhul chun cinn earnálach agus feabhas sochaíoch ar chumas Éireann í féin a lárú mar cheannródaí domhanda maidir le himeachtaí gnó tábhachtacha a óstáil. Cuireann na himeachtaí sin le cáil na tíre, meallann siad aird an domhain agus spreagann siad dul chun cinn leanúnach sochaíoch agus eacnamaíoch. Ar leibhéal áitiúil, spreagann imeachtaí gnó gníomhaíocht eacnamaíoch, cruthaíonn siad fostaíocht agus tacaíonn siad le teacht aniar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

## Tacaíocht ón Rialtas

Ó thaobh an rialtais de, is féidir leo polasaithe a chuireann nuálaíocht agus forbairt inbhuanaithe chun cinn a mhúnlú. Is féidir le tacaíocht an rialtais agus infheistíocht in imeachtaí gnó geilleagar a chlaochlú agus iomaíocht ar an ardán domhanda a fheabhsú. Trí Éirinn a chur chun cinn mar mhol d'imeachtaí gnó, baineann Éire leas as timpeallacht ghairmiúil beo beathach agus as sochaí rathúil.





# An Chúis a mBaineann Imeachtaí Gnó leis an Timpeallacht

## Caighdeáin Inbhuanaitheachta in Imeachtaí Corparáideacha

De réir a chéile tá imeachtaí corparáideacha ag ailíniú le gealltanais timpeallachta comhlachtaí, rud a spreagann caighdeáin níos airde inbhuanaitheachta maidir le hionad agus ceann scríbe a roghnú.

Ar an mbealach sin tá pleanálaithe imeachta ag ardú ionchas maidir le hinbhuanaitheacht, tionchar imeartha orthu ag measúnuithe riosca agus dálaí eiticiúla.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Gealltanais Chomhshaoil

Is féidir leis an earnáil imeachtaí gnó a bheith ina gceannródaí tionscail trí ailíniú le gealltanais an Rialtais maidir le polasaithe comhshaoil ar fud ardáin éagsúla, Gníomhú ar son na hAeráide ina measc Inbhuanaitheacht; Astaíochtaí Carbóin a Laghdú, srl.

Baineann príomhcholún na straitéise seo le cabhair a thabhairt d'earnáil imeachtaí gnó cur leis an sprioc náisiúnta a bhaint amach chun astaíochtaí ceaptha teasa a ghearradh ina dhá leath faoi 2030, agus glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

## Inbhuanaitheacht an Chomhshaoil mar Thoradh Leagáide

Nuair a aithnítear inbhuanaitheacht an chomhshaoil mar phríomhthoradh leagáide ar imeachtaí, cuirtear béim ar a tábhacht mar bhunluach. In ainneoin dúshlán, tá ar an earnáil imeachtaí gnó dul i ngleic le héileamh atá ag dul i méid ar bhainistiú éifeachtach tionchair charbóin, agus síneann na buntáistí go tionscal na turasóireachta níos leithne.

## Cosaint ar Chórais Nádúrtha

Tá iarrachtaí ag méadú chun ídiú acmhainní a laghdú agus chun glacadh le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Áirítear leis sin úsáid éifeachtach uisce, deireadh a chur le plaisteach aonúsáide agus athúsáid, athchóiriú agus athchúrsáil a chur chun cinn. Chun déileáil le cailleadh bithéagsúlachta, ba cheart d'ionaid meas a thaispeáint don dúlra agus é a fheabhsú, agus ba cheart do chleachtais soláthair táirgí nasctha le díothú gnáthóige a sheachaint. Is féidir leis an earnáil imeachtaí gnó cur le todhchaí atá dearfach faoin dúlra trí ghlacadh le cur chuige sainearnálach maidir le gníomhú ar son an dúlra, agus na bealaí ar leith a n-idirghníomhaíonn earnálacha éagsúla leis an dúlra agus a mbraitheann siad air a aithint.

## Maolú Aeráide in Imeachtaí Gnó

Trí aitheantas a thabhairt do stádas na hÉireann mar oileán agus dá spleáchas ar rochtain isteach, aithníonn an earnáil imeachtaí gnó an phráinn maidir le bearta maolaithe aeráide láidre.
Tá eagraithe agus cliaint araon tiomanta do thionchair dhiúltacha aeráide a íosmhéadú, le tuiscint acu má theipeann orthu d'fhéadfadh sé go ndéanfaí dochar ar iomaíoch na hÉireann maidir le himeachtaí luachmhara gnó a mhealladh.

## Bainistiú Comhoibríoch Tionchair Charbóin

Cé go bhfuil cuid mhór de lorg carbóin an imeachta taobh amuigh de smacht bhainisteoir an chinn scríbe, tá iarrachtaí comhoibríocha agus athruithe córasacha maidir le bonneagar agus iompair laistigh de chinn scríbe ríthábhachtach. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann le cláir thacaíochta treoraithe ag gníomhaireachtaí a chur ar fáil don earnáil imeachtaí gnó in Éirinn. Is féidir go dtacóidh rannpháirtíocht na hearnála poiblí le bearta inbhuanaitheachta maidir le pleanáil agus bainistiú imeachta.


# Colúin Straitéiseacha

## Forbhreathnú

Chun torthaí a bharrfheabhsú agus chun tacú leis an rialtas maidir le tír a fhorbairt atá ailínithe le rath, inbhuanaitheacht agus tionchair shochaíocha, is gá go bhfuil caidreamh siombóiseach ag an earnáil imeachtaí gnó le ranna éagsúla an rialtais. Trí dhíriú isteach ar na colúin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil maidir le hinbhuanaitheacht, is féidir le hÉirinn í féin a lárú mar cheannródaí maidir le himeachtaí ghó a óstáil. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn straitéis mar sin clú na hÉireann mar cheann scríbe freagrach agus mealltach le haghaidh imeachtaí gnó, agus na himeachtaí sin ag spreagadh torthaí eacnamaíocha agus fostaíochta, ach chomh maith leis sin téann an straitéis i gcomhréir le hionchais dhomhanda maidir le cleachtais inbhuanaithe, rud a mhéadaíonn iomaíocht na hÉireann sa mhargadh.

Mar thaca faoi na colúin straitéiseacha sin atá boinn a chuireann leis na colúin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil trí leas a bhaint as creat sochaíoch agus institiúideach na hÉireann ar mhaithe le himeachtaí gnó.

Is féidir le boinn láidre amhail daonlathas seasmhach, geilleagar acmhainneach, iomaíocht idirnáisiúnta, fórsa oibre sároilte agus tionscal láidir turasóireachta a dheimhniú go mbeidh timpeallacht imeachtaí gnó fháilteach agus ghairmiúil ann.



## Sprioc 1 Eacnamaíoch

Luach imeachtaí gnó a réadú

### Cuspóirí Straitéiseacha

Fás ioncaim a bhaint amach ón earnáil imeachtaí gnó.

Tús áite a thabhairt do luach thar mhéid in earnáil imeachtaí gnó na hÉireann.

Fórsa oibre turasóireachta atá seasmhach agus láidir a chothú le haghaidh fás inbhuanaithe.

## Sprioc 2 Sóisialta

Rannchuidiú le pobail níos láidre a fhorbairt ar leibhéal áitiúil, earnálach agus náisiúnta

### Cuspóirí Straitéiseacha

Tionchar dearfach a imirt ar phobail áitiúla óstach.

Tairbhí leagáide níos fadtéarmaí a sholáthar le haghaidh pobail earnálacha.

Rannchuidiú le spriocanna agus cuspóirí náisiúnta a bhaint amach.

## Sprioc 3 Comhshaoil

Imeachtaí gnó a chur ar fáil a sháraíonn critéir chomhshaoil

### Cuspóirí Straitéiseacha

Tacú leis an earnáil imeachtaí gnó chun spriocanna aeráide a bhaint amach.

Imeachtaí gnó a bhfuil luach ard orthu a mhealladh trí chleachtais inbhuanaithe.

Dea-chleachtais i gcomhlíontacht timpeallachta agus éifeachtacht acmhainne a chur chun cinn.

## Boinn

Daonlathas seasmhach| Geilleagar oscailte acmhainneach| Tír fháilteach shábháilte |
Bonneagar nua-aimseartha solúbtha| Radhairc cháiliúla
Earnáil cultúrtha chlúiteach agus mórán suíomh oidhreachta | Eispéireas barántúil turasóireachta
Earnáil bheomhar treoraithe ag turasóireacht | Fórsa oibre oilte gairmiúil
Sochaí éagsúil ionchuimsitheach | Ceannródaí nuálaíochta| Béarlóirí, Ballstát an AE
Rochtain éasca| Clár seanbhunaithe ambasadóra imeachtaí gnó

# Sprioc 1 – Eacnamaíoch

## Luach Imeachtaí Gnó a Réadú

**Príomhtháscairí Feidhmíochta**

- Fás meánmhéid bliantúil 8% bliain ar bhliain maidir le hioncam ginte ag cuairteoirí gnó thar lear a bhaint amach sa tréimhse go 2030.
- Tacú le forbairt de ghairmithe fadtéarmacha inbhuanaithe a bhfuil pá maith ag dul leo san earnáil.
- Luach €700m de dheiseanna le haghaidh fhorbairt imeachtaí gnó d'Éirinn a chur le píblíne na nImeachtaí Gnó go bliantúil, agus ábhar cliaint nua cáilithe a aimsiú don tionscal agus tacú lena dtiontú.
- Éire a chur os comhair an phobail mar cheann scríbe Cruinnithe agus Dreasachta trí 16,000 coinne gnólacht go gnólacht (B2B) gach bliain.





## CUSPÓIRÍ EACNAMAÍOCHA

### Fás ioncaim a bhaint amach ón earnáil imeachtaí gnó

#### Gníomhartha Straitéiseacha

**Comhoibriú Trasearnála a Chothú**

Comhoibriú idir gnólachtaí, an saol acadúil agus gníomhaireachtaí an rialtais a éascú tríd na foghrúpaí treoraithe ag an ngníomhaireacht chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na bpleananna cur chun feidhme agus chun tosca ratha a bhaint amach.

**Rath:** *Éiceachóras imeachtaí gnó comhtháite a bhaineann tosca ratha amach i dteannta a chéile.*

**Leas a Bhaint as Braislí Earnálacha**

Leas a bhaint as braislí agus as ardáin earnálacha chun chomhroinnt eolais agus nuálaíochta a éascú, agus rochtain a chur ar fáil do cheannródaithe tuairime, cainteoirí agus deiseanna rannpháirtíochta eile.

**Rath:** *Moil bhisiúla a chuireann comhroinnt eolais agus nuálaíocht chun cinn, rud a spreagann líonrú feabhsaithe, iomaíocht agus táirgiúlacht.*

**Imeachtaí Gnó 2030**

Tacú le hiomaíocht trí dhreasachtaí i gcomhréir leis an straitéis imeachtaí gnó.

**Rath:** *Creat fóirdheontais maidir le himeachtaí gnó a cheapadh, a dhreasóidh fás réigiúnach agus séasúrach agus a mbeidh earnáil níos inbhuanaithe mar thoradh air.*

**Tomhas**

Uirlisí nua tomhais a cheapadh chun luach na hearnála imeachtaí gnó a mheas.

**Rath:** *Bonnlíne a luacháil trí chruinnithe agus toscairí dreasachta agus comhdhála.*

**Foireann na hÉireann**

Úsáid a bhaint as cur chuige Fhoireann na hÉireann trí Ambasadóirí, líonraí na hAmbasáide agus Gníomhaireachtaí suite thar lear.

**Rath:** *Líonraí gríosaithe chun tacú le fás d'earnáil imeachtaí gnó na hÉireann.*

### Tús áite a thabhairt do luach thar mhéid in earnáil imeachtaí gnó na hÉireann

#### Gníomhartha Straitéiseacha

**Fás Réigiúnach agus Séasúrach a Chur Chun Cinn**

Fás imeachtaí gnó réigiúnach lasmuigh de bhuaicshéasúir thurasóireachta a spreagadh agus cuairt shínithe ag toscairí a chur chun cinn in Éirinn.

**Rath:** *Leas a bhaint as imeachtaí gnó chun cuspóirí réigiúnacha agus séasúracha a bhaint amach.*

**Féidearthachtaí Infheistíochta a Fheabhsú**

Díriú isteach ar phríomhchinnteoirí a mhealladh le haghaidh imeachtaí gnó chun an éascaíocht a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn a chur i láthair.

**Rath:** *Níos mó deiseanna chun Éire a chur chun tosaigh le haghaidh infheistíochta amach anseo.*

**Leas a Bhaint as Imeachtaí Gnó do Bhaile Átha Cliath**

Tacú leis an bhfeachtas i leith athbheochan uirbeach i mBaile Átha Cliath trí imeachtaí gnó.

**Rath:** *Toscairí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar chaiféanna, tithe tábhairne agus bialanna áitiúla chun tacú le lár spleodrach inbhuanaithe na cathrach.*

**Buíon Láidir Ambasadóirí a Fháil**

Ambasadóirí a aimsiú agus a earcú trí ghníomhaíochtaí a ghineann ábhar cliaint agus trí leas a bhaint as deiseanna diaspóra.

**Rath:** *Ambasadóirí comhdhála a spreagadh chun tairiscint a dhéanamh maidir le himeachtaí gnó amach anseo.*

**For-rochtana**

Deiseanna faighte ó bheith ag óstáil imeachtaí móra idirnáisiúnta a uasmhéadú.

**Rath:** *Ailíniú láidir le Beartas agus Creat Straitéiseach Imeachtaí Móra Spórt Idirnáisiúnta.*

### Fórsa oibre turasóireachta atá seasmhach agus láidir a chothú le haghaidh fás inbhuanaithe

#### Gníomhartha Straitéiseacha

**Leas a Bhaint as Straitéisí chun Tallann Turasóireachta a Mhealladh le haghaidh Imeachtaí Gnó**

Tacú le hearnáil na n-imeachtaí gnó chun rannpháirtíocht fostaithe a spreagadh agus chun cur le háiteanna oibre atá sásúil agus tarraingteach i gcónaí chun tallann den chéad scoth a mhealladh agus a choinneáil.

**Rath:** *Sreabhadh isteach méadaithe de ghairmithe sároilte go dtí an earnáil imeachtaí gnó.*

**Oideachas a Chur ar an Chéad Ghlúin Eile**

Páirt a ghlacadh i gcláir spriocdhírithe ar rannpháirtíocht agus cumarsáid le mic léinn agus lena dtionchairí gairme, chun feasacht ar chúrsaí agus ar imeachtaí gnó a spreagadh.

**Rath:** *Feasacht agus suim mhéadaithe i measc scoláirí maidir le gairm beatha a ghlacadh san earnáil imeachtaí gnó.*

**Comhpháirtíochtaí a Chothú le hInstitiúidí Oideachais**

Comhoibriú a dhéanamh le hollscoileanna agus le hionaid oiliúna chun leas a bhaint as cláir speisialaithe agus intéirneachtaí.

**Rath:** *Píblíne sheasmhach de chéimithe cáilithe ag teacht isteach san earnáil imeachtaí gnó.*

**Deiseanna Forbartha Gairme a Fheabhsú**

Conairí gairme soiléire a aithint trí chláir forbartha ghairmiúla chun béim a leagan ar na buntáistí agus na deiseanna ar leith laistigh den earnáil imeachtaí gnó.

**Rath:** *Conair gairme fadsaoil a bhfuil fórsa oibre níos seasmhaí agus níos oilte dá barr.*

CÁS-STAIDÉAR

# Tionchar Eacnamaíoch a Spreagadh

## SaaStock, Baile Átha Cliath, 2024

SaaStock is ea an príomhardán meán agus pobal ar an domhan don éiceachóras SaaS (bogearraí mar sheirbhís) domhanda gnólacht le gnólacht (B2B).

Gach bliain tugann a n-imeacht bliantúil le chéile an dlús is airde de chinnteoirí SaaS ó gach cearn den domhan, chun caidreamh a fhorbairt agus chun borradh a chur faoi dheiseanna.

Tharla SaaStock 2024 ag an gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) i mBaile Átha Cliath agus mealladh 1,133 duine chun freastal air, lena n-áirítear bunaitheoirí bogearraí, feidhmeannaigh agus infheisteoirí ar feadh 3 lá de sheisiúin a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine agus de dheiseanna sárluachmhara líonraithe.

### Tionchar Eacnamaíoch

Sholáthair SaaStock 2024 ioncam €2.8m d'Éirinn. Cinntíonn cruinnithe mar sin go leanfaidh an earnáil teicneolaíochta de bheith faoi bhláth. Tá cuid de na comhlachtaí teicneolaíochta is mó ar an domhan ag teacht go hÉirinn le blianta fada, agus na deicheanna billiún euro á n-infheistiú acu, agus ag an am céanna an earnáil teicneolaíochta is bríomhara agus is rathúla san Eoraip, b'fhéidir, á cruthú acu.

Is í Éire an áit a bhfuil 16 den 20 comhlacht domhanda teicneolaíochta is mó lonnaithe anois, agus a bhfuil na 3 phríomhsholáthraí bogearraí lonnaithe, lena n-áirítear 106,000+ duine fostaithe san earnáil ICT. De bharr gur tugadh na 1,133 toscaire SaaStock go hÉireann, tugadh deis do na comhlachtaí dúchais sin a bheith a líonrú ar a bhfód féin agus clú na hÉireann a fheabhsú mar cheann de na píblínte is láidre maidir le tallann STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) san Eoraip.

**€2.8m**
in ioncam á soláthar

**1,133**
toscaire ag freastal air

SaaStock

CÁS-STAIDÉAR

# Tionchar Eacnamaíoch agus Sóisialta a Spreagadh

## Aer Lingus College Football Classic

Is éard atá san Aer Lingus College Football Classic ná sraith chluiche atá á reáchtáil ó 2022 – agus tá cluichí deimhnithe go dtí 2028.

### Tionchar Eacnamaíoch

Craoladh an 2024 Aer Lingus Classic idir Georgia Tech agus Florida State beo ar ESPN sna Stáit Aontaithe Mheiriceá agus mheall sé 5m breathnóir, líon ollmhór. Díoladh amach an Staid Aviva agus bhí 47,988 sa lucht féachana i láthair, 28,406 cuairteoir idirnáisiúnta ina measc. Cuairteoirí as SAM ab ea iad formhór mór de na cuairteoirí, roinnt mhaith acu a tháinig don chluiche agus a d'fhan níos faide, ar mheánmhéid de sheacht n-oíche, rud a ghin spreagadh eacnamaíoch de €146m.

### Tionchar Sóisialta

Shín na gníomhaíochtaí timpeall an chluiche i bhfad níos faide ná an pheil, agus tharla 45 imeacht gnó, acadúil, polaitiúil, pobail, sóisialta agus spóirt le linn na seachtaine mar chuid den tionscnamh 'I bhFad Níos Mó Ná Cluiche'. Dírítear gach imeacht ar chaidreamh reatha idir Éire agus an SAM a neartú agus caidreamh nua a chruthú.

**Áirítear leis na buaicphointí:**

- An Ireland US CEO Club sa Seomra Cruinn ag an Teach Ardmhéara.
- An American Ireland Medical Summit.
- Rinne Enterprise Ireland imeacht do dhíoltóirí isteach an SAM a óstáil i dteannta le hIonadaithe an Rialtais.
- Imeacht Fáilteach Oifigeach um Sheachtain an Chluiche á óstáil ag an Ardmhéara ag Halla na Cathrach.
- Rannpháirtíocht phobail na gColáistí SAM le Clubanna CLG Chill Mochuda na Crócaigh agus Bhaile Buadáin Naomh Éanna.
- Cluichí maidir le High School Global Ireland Football Tournament i Staid Dhomnach Broc.
- Coimhlint Rugbaí Aonuaire idir Coláiste na Tríonóide agus Florida State i bPáirc na Tríonóide.
- Imeacht chumann na n-alumnas Georgia Tech ag Bull agus Castle.
- Comhoibriú "Ceannródaithe don Todhchaí" i gcomhar le mic léinn ó na hOllscoileanna a bhí ag taisteal agus le Comhpháirtithe Eversheds, Sutherland and Grant Thornton.
- Dinnéar le American Irish State Legislators.

**28,406**
cuairteoirí idirnáisiúnta

**€146m**
Tionchar eacnamaíoch

# Sprioc 2 – Sóisialta

## Rannchuidiú le pobail níos láidre a fhorbairt ar leibhéal áitiúil, earnálach agus náisiúnta





**Príomhtháscairí Feidhmíochta**

- Creat Tionchair agus Leagáide a fhorbairt a chruthaíonn tionchar beartaithe agus intomhaiste ó chomhdhálacha a óstáil.
- Comhairle a chur maidir leis an gCreat chun acmhainn iomlán na gcomhdhálacha a spreagadh chun an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil, agus é a chur i bhfeidhm.
- Foireann de thacaíochtaí forbartha acmhainní (uirlisí agus oiliúint) a sholáthar d'eagraithe imeachta chun gach acmhainneacht a bhaineann le himeachtaí gnó a scaoileadh chun tionchar dearfach a imirt ar an gceann scríbe.
- Pleananna cur chun feidhme a ailíniú le cláir náisiúnta agus le spriocanna agus cuspóirí an rialtais.
- Córas cuimsitheach tomhais a bhunadh chun measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.
- Deiseanna do phobail tuaithe agus do fiontair bheaga agus mheánmhéide a uasmhéadú.

## CUSPÓIRÍ SÓISIALTA

### Tionchar dearfach a imirt ar phobail áitiúla óstach

#### Gníomhartha Straitéiseacha

**Rannchuidiú le Rath na bPobal Áitiúil**

Toscairí a spreagadh le dul i dtaithí leis an éiceachóras áitiúil níos leithne, agus infheistíocht a dhéanamh ann, chun cur le beocht agus inbhuanaitheacht de ghnóthaí agus de phobail áitiúla óstach.

**Rath:** *Gnóthaí áitiúla faoi bhláth de thairbhe thionchar na dtoscairí imeachtaí gnó.*

**Folláine de Phobail Áitiúla a Fheabhsú**

Aidhmeanna sóisialta a leabú i gcur chun feidhme na straitéise seo chun folláine na bpobal áitiúil a fheabhsú.

**Rath:** *Cáilíocht na beatha feabhsaithe i bpobail óstach mar thoradh ar imeachtaí gnó.*

**Tionscnaimh um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) a Chur Chun Feidhme**

Eagraithe imeachta a spreagadh chun an lucht freastail a thabhairt isteach in imeachtaí dírithe ar an bpobal.

**Rath:** *Sástacht an lucht freastail a fheabhsú mar gheall ar ghníomhaíochtaí fiúntacha CSR agus ar bhuntáistí follasacha do phobail áitiúla.*

**Tacú le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (EDI)**

Tacú le timpeallacht shábháilte agus ionchuimsitheach a chruthú ina nglactar le EDI, maidir le toscairí ag freastal ar imeachtaí gnó in Éirinn.

**Rath:** *Clú neartaithe mar cheann scríbe cothrom, éagsúil agus ionchuimsitheach.*

### Tairbhí leagáide níos fadtéarmaí a sholáthar le haghaidh pobail earnálacha

#### Gníomhartha Straitéiseacha

**Comhroinnt Eolais agus Forbairt Leagáide a Éascú**

Creat agus plean a cheapadh chun leagáid a sholáthar do chomharghnóthaí earnálacha.

**Rath:** *Glacadh leis an gcreat leagáide imeachtaí gnó.*

**Uirlisí Tomhais a Bhunú**

Córas cuimsitheach tomhais a bhunadh chun tionchair eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a aithint agus measúnú agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

**Rath:** *Uirlis Tomhais i bhfeidhm chun tacú le measúnú.*

**Cás Staidéir**

Cás-staidéir cuí a thaifeadadh d'inspreagadh sa todhchaí maidir le torthaí leagáide bainte as imeachtaí gnó.

**Rath:** *Foireann de chás-staidéir taifeadta agus curtha ar fáil d'eagraithe imeachta ionchasacha.*

### Rannchuidiú d'Éirinn, maidir le turasóireacht agus le nithe eile

#### Gníomhartha Straitéiseacha

**Rannchuidiú ar Leibhéal Náisiúnta**

Imeachtaí gnó a ailíniú le tosaíochtaí agus cuspóirí an rialtais chun a dtionchar agus a leagáid a mhéadú do phobail áitiúla.

**Rath:** *Tá imeachtaí gnó ina n-ardán cumhachtach chun tionchar níos mó a imirt ar phobail áitiúla.*

**Rannchuidiú ar Leibhéal Idirnáisiúnta**

Imeachtaí gnó a ailíniú leis na UNSDGanna chun a dtionchar agus a leagáid a mhéadú do phobail áitiúla.

**Rath:** *Clú agus aird idirnáisiúnta feabhsaithe bainte as tionchar níos mó imeachtaí gnó a imirt ar leibhéal idirnáisiúnta.*

**Cinnteacht Phoist**

Tacú le straitéis forbartha chun cinnteacht phoist a fheabhsú agus conairí a chruthú le haghaidh dul chun cinn gairme.

**Rath:** *Feabhas ar chinnteacht phoist agus méadú ar dheiseanna maidir le dul chun cinn gairme.*

**Luach an Imeachta a Fhás**

Díriú isteach ar an luach bainte as imeachtaí gnó a mhéadú, thar thurasóireacht.

**Rath:** *Fás maidir le luach eacnamaíoch foriomlán ginte ag imeachtaí gnó, a sháraíonn buntáistí bainte as turasóireacht.*

CÁS-STAIDÉAR

# Tionchar Sóisialta a Spreagadh

## Comhdháil Sláinte Tuaithe Dhomhanda (WONCA), Luimneach, 2022

*Sláinte a Fheabhsú, Pobail a Chumasú*

Is éard atá san Eagraíocht Dhomhanda Dochtúirí Teaghlaigh ná eagraíocht sheachbhrabúsach a bhfuil ballraíocht de 500,000 dochtúir teaghlaigh aici. Is é an misean atá ag WONCA ná cáilíocht na beatha a fheabhsú do mhuintir na cruinne.


In 2022, tharla an Chomhdháil Sláinte Tuaithe Dhomhanda de chuid WONCA in Ollscoil Luimnigh, rud a thug le chéile 750 toscaire, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte tuaithe agus pobail ó gach cearn den domhan chun na dúshláin agus na deiseanna roimh cúram sláinte tuaithe a phlé.

Bhí tionchar sóisialta ina phríomhphrionsabal eagraíochta ón tús. Léirigh eagraithe na comhdhála tiomantas do chomhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht.

### Tionchar Sóisialta

Chruthaigh an chomhdháil tionchar suntasach, agus spreagadh tionscnaimh a rachaidh i bhfeidhm ar thodhchaí cúraim sláinte tuaithe in Éirinn agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- Bunaíodh an chéad Bhuanchoiste Náisiúnta um Chleachtadh Ginearálta Tuaithe in Éirinn laistigh de Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann.
- Ceapadh an chéad Ollamh le Cleachtadh Ginearálta Tuaithe in Ollscoil Luimnigh.
- Forbraíodh mol teagaisc Tuaithe nua do mhic léinn leighis sa Scoil Leighis, Ollscoil Luimnigh, chun 25% dá n-oiliúna cliniciúla a chaitheamh ag obair i bpobail tuaithe.
- Cruthaíodh comhaltacht Oiliúna do Chleachtadh Ginearálta Tuaithe, le tacaíocht ó infheistiú €760,000 ón FSS, a thosaigh i Mí na Samhna 2023.
- Foilsíodh "Dearbhú faoi Chúram Sláinte Tuaithe", ar treoirphlean é ceaptha chun eolas a thabhairt do phobail tuaithe, acadóirí agus an lucht ceaptha beartas maidir leis an gcaoi chun an sprioc a bhaint amach de chúram sláinte ardchaighdeáin a sholáthar i gceantair tuaithe agus iargúlta ar an mbealach is éifeachtaí, agus béim ar leith curtha ar chóras cúraim sláinte na hÉireann.



# Sprioc 3 – Comhshaoil

## Imeachtaí gnó a chur ar fáil a sháraíonn critéir chomhshaoil

**Príomhtháscairí Feidhmíochta**

- Tacú leis an earnáil Imeachtaí Gnó a hastaíochtaí carbóin a laghdú 45% agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050.
- Tomhas bonnlíne a cheapadh maidir le húsáid charbóin in aghaidh an toscaire.
- Áireamhán carbóin a cheapadh le cur ar fáil do gach imeacht gnó ag tarlú in Éirinn.
- Sraith ghlas a fhorbairt agus a leathadh amach do thionscal.
- Imeachtaí á reáchtáil ar bhealach inbhuanaithe agus/nó a bhfuil téama d'inbhuanaitheacht acu a dhreasú.





# CUSPÓIRÍ COMHSHAOIL

## Tacú leis an earnáil imeachtaí gnó chun spriocanna aeráide a bhaint amach

### Gníomhartha Straitéiseacha

**Tacú leis an Earnáil Imeachtaí Gnó chun Imeachtaí Inbhuanaithe a Sholáthar**

An earnáil imeachtaí gnó a spreagadh le rannpháirtíocht a dhéanamh i gcláir thacaíochta treoraithe ag ghníomhaireacht chun cabhrú le laghdú carbóin.

**Rath:** *Comhpháirtíochtaí earnála atá cóirithe agus cumasaithe chun imeachtaí gnó inbhuanaithe a sholáthar.*

**Oiliúint agus Tacaíocht**

Cláir chuimsitheacha oiliúna agus thacaíochta a thairiscint don earnáil imeachtaí gnó chun cleachtais inbhuanaitheachta a chomhtháthú.

**Rath:** *Glacadh forleathan le cleachtais inbhuanaithe sa slabhra soláthair, de bharr eolas agus acmhainn soláthraithe méadaithe.*

**Sraitheanna**

Sraitheanna a fhorbairt chun cabhrú leis an earnáil imeachtaí gnó agus é a chur ar cumas na hearnála imeachtaí a sholáthar ar bhealach níos inbhuanaithe.

**Rath:** *Glacadh le treoirlínte sraithe le linn sholáthar an imeachta ag an earnáil imeachtaí gnó.*

**Tacú le Comhpháirtíochtaí Tionscail atá Dírithe ar Inbhuanaitheacht**

Tús áite a thabhairt do chomhpháirtithe a chomhtháthaigh cleachtais inbhuanaitheachta comhshaoil ina n-oibríochtaí gnó.

**Rath:** *Glacann gach chomhpháirtí imeachtaí gnó le cleachtais inbhuanaithe.*

## Imeachtaí gnó a bhfuil luach ard orthu a mhealladh trí chleachtais inbhuanaithe

### Gníomhartha Straitéiseacha

**Ag Díriú ar Imeachtaí Inbhuanaithe**

Béim a leagan ar earnálacha agus ar imeachtaí atá dírithe ar inbhuanaitheacht a mhealladh, imeachtaí a tharraingíonn príomhcheannródaithe tuairime agus lucht freastail dírithe ar an gcomhshaol.

**Rath:** *Aird a tharraingt ar Éirinn mar chosantóir ar inbhuanaitheacht maidir le himeachtaí gnó.*

**Rochtain a Fháil ar Thacaíochtaí Inbhuanaitheachta**

Tacú leis an earnáil imeachtaí gnó chun rochtain a fháil ar dheontais inbhuanaitheachta dírithe ar bhonneagar a fheabhsú chun imeachtaí inbhuanaithe a sholáthar.

**Rath:** *Tairiscint luacha níos fearr trí bhonneagar agus cleachtais fheabhsaithe*

**Ceannródaíocht Inbhuanaitheachta a Chur Chun Cinn**

Comhpháirtíocht a dhéanamh le heagraíochtaí atá dírithe ar inbhuanaitheacht chun Éire a lárú mar phríomhcheann scríbe le haghaidh imeachtaí gnó inbhuanaithe.

**Rath:** *Clú feabhsaithe mar phríomhcheann scríbe inbhuanaithe.*

**Fanacht Níos Faide (Gnó is Pléisiúr)**

Cuairteanna sínithe a chur chun cinn in Éirinn i dteannta le freastal ar imeachtaí gnó, le bheith i gcomhréir leis an bprionsabal turasóireachta inbhuanaithe gan bheith ag taisteal chomh minic sin ach a bheith ag fanacht níos faide.

**Rath:** *Ioncam feabhsaithe le haghaidh gnóthaí turasóireachta, ó lucht freastail na n-imeachtaí gnó.*

## Dea-chleachtais i gcomhlíontacht timpeallachta agus éifeachtacht acmhainne a chur chun cinn

### Gníomhartha Straitéiseacha

**Treoirlínte do Chur Chun Feidhme**

Comhtháthú cleachtais inbhuanaithe a spreagadh i bpleanáil d'imeachtaí gnó, cosc dramhaíola san áireamh, agus treoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm.

**Rath:** *Glacadh le cleachtais inbhuanaithe agus le tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol.*

**Tionscnaimh Oideachais**

Aird a tharraingt ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht i measc earnáil na n-imeachtaí gnó trí cheardlanna agus trí chláir.

**Rath:** *Prionsabail inbhuanaitheachta atá comhtháite sna próisis pleanála imeachta.*

**Comhroinnt Eolais Chomhoibríoch**

Comhroinnt dea-chleachtas a chothú chun lorg carbóin d'imeachtaí gnó a laghdú.

**Rath:** *Lorg carbóin laghdaithe ar fud na hearnála imeachta gnó trí chomhroinnt eolais chomhoibríoch.*

**Dearbhú**

An earnáil imeachtaí gnó a spreagadh chun fíorú inbhuanaitheachta a dhéanamh atá i gcomhréir leis an gcláir gealltanais inbhuanaitheachta ar fud an oileáin.

**Rath:** *Earnáil imeachtaí gnó tiomanta a léiríonn na dea-chleachtais inbhuanaitheachta is airde.*

CÁS-STAIDÉAR

# Tionchar Timpeallachta a Spreagadh

## 35ú Comhdháil Idirnáisiúnta Tíreolaíochta 2024

Tar éis Chomhdháil EUGEO, a raibh rath iontach uirthi agus a tharla i nGaillimh in 2019, d'éirigh le tairiscint na hÉirinn an 35ú Comhdháil Idirnáisiúnta Tíreolaíochta (IGC) a óstáil, rud a tharla i mBaile Átha Cliath in 2024. Mheall an t-imeacht os cionn 2,600 toscaire idirnáisiúnta agus sholáthair sé tionchar eacnamaíoch de €6.6m.

An téama a bhí ag IGC24 ná 'Domhan Éagsúlachta a Cheiliúradh' agus an cuspóir a bhí ag an imeacht ná taighde idirdhisciplíneach a chur chun cinn agus comhoibriú a spreagadh ar fud disciplíní tíreolaíochta éagsúla agus réimsí ábhartha.

### Tionchar Timpeallachta

Bhí inbhuanaitheacht i gcroílár na pleanála imeachta. Tá cuid de na buaicphointí timpeallachta thíos:

- **Maolú carbóin:** Óstáladh an chomhdháil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), atá mar chuid de zón dícharbónaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Thiomsaigh an t-imeacht airgead trí thobhach roghnach timpeallacht do thoscairí, rud a thacaíonn le tionscnaimh maidir le hionáireamh carbóin ar champais ollscoile in Éirinn mar thionscadal leagáide.
- **Imeacht hibride:** Rinneadh imeacht hibride nuálaíoch a chomhóstáil i gcomhar leis an gCumann Ríoga Tíreolaíochta i Londain. Bhí an príomhchainteoir i mBaile Átha Cliath agus bhí na pléitheoirí i Londain, rud a chur ar chumas comhghleacaithe ag imeacht eile i Londain taithí a fháil ar an imeacht gan lorg carbóin sa bhreis.
- **Rochtain Dhigiteach:** Trí rochtain dhigiteach amháin a chur ar fáil trí aip na comhdhála agus trí chlár ar líne, cuireadh deireadh le gá le priontáil, rud a laghdaigh dramhaíl páipéir go mór.
- **Ábhair Inbhuanaithe:** D'íosmhéadaigh soláthar suaitheantas agus láinnéar inbhuanaithe tionchar timpeallachta na n-ábhar imeachta.
- **Bainistiú Uisce agus Dramhaíola:** Spreagadh toscairí a mbuidéil uisce féin a thabhairt leo, agus cuireadh stáisiúin athlíonta uisce ar fáil, rud a chuir deireadh le húsáid plaisteach aonúsáide. Méid beag dramhaíola bia a bhí mar thoradh ar dhramhaíl bia a bhainistiú trí fhógraíocht roimh ré a dhéanamh riachtanach mura raibh lón ag teastáil ag toscairí. Cinntíodh go raibh roghanna veigeatóra ar bhiachláir na comhdhála mar chaighdeán.

**€6.6m**
Tionchar Eacnamaíoch

**2,645**
toscaire ag freastal air

# Ag Tacú le Tosaíochtaí an Rialtais

Coimeádadh an cur chuige um colúin straitéiseacha sa straitéis seo go cúramach le sioncronú leis na gealltanais straitéiseacha atá i gClár an Rialtais 2025 – 'Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú', rud a chinntíonn iarracht chomhordaithe chun cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus timpeallacha na hÉireann a mhéadú go hinbhuanaithe.

Ailíníonn Imeachtaí Gnó 2030 le cuspóirí ardleibhéil atá i gClár an Rialtais. Is féidir le cur chun feidhme comhordaithe de straitéis agus óstáil Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha agus Imeachtaí idirnáisiúnta in Éirinn tacú le príomhthosaíochtaí an rialtais a sholáthar chun dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna roimh an tír sna blianta atá le teacht, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta dóibh:

- Geilleagar láidir agus seasmhach a sholáthar agus iomaíocht na hÉireann a fheabhsú i ndomhan atá ag athrú.
- Tacú le forbairt príomhearnálacha eacnamaíocha agus le fás fiontair agus cruthú fostaíochta a chothú.
- Rannpháirtíocht acadúil agus taighde a spreagadh sa saol poiblí agus rannchuidiú a thabhairt maidir le réitigh ar dhúshláin shochaíocha.
- Tacú le forbairt cothrom réigiúnach agus é a chinntiú gur féidir le pobail ar fud na tíre a bheith rathúil.
- Tacú le gníomhú chun dul i ngleic le tionchar d'athrú aeráide agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.
- Tacú le hóstáil de mhórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta agus Éire a chur os comhair an phobail mar cheann scríbe ardchaighdeáin inrochtana.
- Leanúint de láithreacht na hÉireann a fhorbairt ar fud an domhain agus tionchar a uasmhéadú i dtíortha óstach.
- Athcheangal leis an diaspóra domhanda agus líonraí diaspóra idirnáisiúnta a fhorbairt.



# Ailíniú de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann

Léiríonn an Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme an gealltanas leanúnach don Chlár Oibre 2030 trí chur chuige 'iomlán an rialtais' agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur i mbéal an phobail ar fud polasaithe náisiúnta.

Trí straitéis imeachtaí gnó na hÉireann a ailíniú leis an bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme, beidh sé mar aidhm ag imeachtaí gnó tacú leis na cuspóirí náisiúnta seo a bhaint amach.

Is é is aidhm ag an straitéis seo rannchuidiú fiúntach a thabhairt do roinnt SDGanna na hÉireann, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta dóibh:

- Imeachtaí gnó a chothú a chuireann fiontraíocht, nuálaíocht agus forbairt eacnamaíoch chun cinn, chun deiseanna a chruthú le haghaidh obair fhiúntach agus fás inbhuanaithe eacnamaíocht in Éirinn.
- Díriú isteach ar imeachtaí gnó a óstáil a spreagann comhoibriú, comhroinnt eolais agus dul chun cinn teicneolaíochta a chuirfidh le bonneagar seasmhach a thógáil agus a chuirfidh tionsclú inbhuanaithe agus ionchuimsitheach chun cinn.
- Rannpháirtíocht ionchuimsitheach, comhroinnt eolais, éagsúlacht, cumasú eacnamaíoch agus abhcóideacht polasaithe a chur chun cinn. Cuireann imeachtaí gnó ardáin ar fáil do dhaoine ó chúlraí éagsúla chun bheith ag foghlaim agus comhoibriú agus a bheith rannpháirteach, chun grúpaí imeallaithe a chumasú agus abhcóideacht a dhéanamh maidir le polasaithe a chuireann cothromas sóisialta agus ceartas a chur chun cinn.
- A dhícheall a dhéanamh chun cleachtais inbhuanaithe a chur os comhair an phobail i bpleanáil uirbeach, iompar agus bainistiú acmhainní, trí imeachtaí gnó, agus ar an mbealach sin tacú le cathracha agus pobail inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn.
- Tacú le himeachtaí gnó in Éirinn trí thionscnaimh éagsúla a bhfuil mar aidhm acu cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn i bpleanáil imeachta, cur chun cinn agus bainistíocht. Is minic a chuireann na himeachtaí sin béim ar dhramhaíl a laghdú, acmhainní a chaomhnú agus glacadh le roghanna malartacha atá éiceabhách.
- Gealltanas a thabhairt maidir le lorg timpeallachta d'imeachtaí gnó a laghdú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun réitigh carbóin ísle a spreagadh, amhail laghdú dramhaíola agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn i measc tionscail, an luchta freastail agus páirtithe leasmhara.

Tá rannchuidiú an-tábhachtach maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe na hÉireann a bhaint amach. Trí chomhpháirtíochta idir gnóthaí, gníomhaireachtaí an rialtais, ENRanna agus páirtithe leasmhara eile a chothú, is féidir le himeachtaí gnó tionchar a mhéadú agus comhghníomhú a spreagadh chuig forbairt inbhuanaithe.



# Foghrúpaí

## Baill Foghrúpa Comhdhála an Chomhlachais

Cathaoirleacht déanta ag Stephen Meehan (Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath)

**I measc ionadaithe na eagraíochtaí atá:**

- An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta
- Fáilte Ireland
- Tourism Ireland
- Cumann na nEagraithe Gairmiúla Comhdhála
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Dublin Convention Bureau
- Fiontraíocht Éireann
- GFT Éireann
- Cónaidhm na nÓstán Éireannach
- Ar Champas
- Sláinte Phoiblí
- Biúrónna Comhdhála Réigiúnacha
- Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn
- Cumann Ollscoileanna Éireann
- Ionaid na hÉireann

## Baill Foghrúpa Turasóireachta Gnó Níos Leithne

Cathaoirleacht déanta ag John Healy (Moloney & Kelly)

**I measc ionadaithe na eagraíochtaí atá:**

- An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta
- Tourism Ireland
- Fáilte Ireland
- Tourism Northern Ireland
- Dublin Convention Bureau
- Ionaid Cheiliúrtha
- Cónaidhm na nÓstán Éireannach
- Irish Tour Operators Association
- Northern Ireland Hotels Federation
- SITE Ireland
- Visit Belfast

AGUISÍN I

# Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| **Colúin** | Colúin straitéiseacha is ea iad príomhréimsí fócais |
| **Riachtanas** | Cuireann 'Riachtanais' léirmhíniú ar an straitéis agus ansin na paraiméadair a bhaineann léi. |
| **Cuspóir** | An dúshlán nó deis laistigh den Riachtanas. |
| **Imeachtaí Gnó** | Níl téarma a chomhaontaíonn cách air chun cur síos a dhéanamh ar an earnáil imeachtaí gnó ach úsáidtear MICE go forleathan a chiallaíonn Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha agus Taispeántais. |
| **MICE** | Is giorrúchán é MICE a chiallaíonn Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha agus Taispeántais |
| **Teach Dreasachta** | Is comhlacht é teach dreasachta a dhéanann speisialtóireacht i gCláir Dhreasachta a cheapadh agus a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar son a gcliant. Úsáideann Tithe Dreasachta Comhlacht Bainistithe Cinn Scríbe (DMC) go minic chun lóistíocht an imeachta a bhainistiú. |
| **Ceannaitheoir** | Is duine a dhéanaimid rannpháirtíocht leis/léi chun deiseanna a aithint chun imeachtaí gnó a thabhairt go hÉirinn é ceannaitheoir. Is é sin a duine nó comhlacht atá freagrach as soláthar don imeacht gnó a bhainistiú. D'fhéadfadh sé gur gníomhairí, pleanálaithe cruinnithe, comhlathais, cliaint corparáideacha, srl. iad |
| **Biúrónna Comhdhála** | Déanann Biúrónna Comhdhála comhpháirtíocht linn agus le ceannaitheoirí chun deiseanna a thiontú. Tá cúig Bhiúró Comhdhála lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Ciarraí, Gaillimh agus réigiúin na Sionainne. Is eagraíochtaí ballraíochta cistithe ag tionscal, údaráis áitiúla (seachas Baile Átha Cliath) agus Fáilte Ireland agus gníomhú thar ceann bhaill an tionscail. Cabhraíonn siad le himeachtaí gnó a thiontú ar son na hÉireann. |
| **Eagraí Gairmiúil Comhdhála (PCO)** | Is comhlacht a dhéanann speisialtóireacht i gcomhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí eile mar sin a bhainistiú é PCO. Gníomhaíonn an comhlacht mar chomhairleoir don choiste eagraíochta nó don eagraíocht ceanncheathrún, agus cuireann sé a gcinntí i bhfeidhm agus cabhraíonn sé lena gcuspóirí a bhaint amach agus ag an am céanna an taithí agus an t-eolas a fuair sé le linn tréimhse fada ag eagrú imeachtaí a úsáid. |
| **Comhlacht Bainistithe Cinn Scríbe (DMC)** | Is comhlacht seirbhísí gairmiúla é DMC, a bhfuil eolas, saineolas agus acmhainní fairsing áitiúla aige, a dhéanann speisialtóireacht i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm imeachtaí agus camchuairteanna. Baineann gnóthaí úsáid as DMCanna go minic le haghaidh gníomhaíochtaí a phleanáil nuair nach bhfuil eolas áitiúil ag an gcomhlacht. |
| **Gnó is Pléisiúr** | Is téarma é 'Gnó is Pléisiúr' a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar thaisteal a mheascann taisteal gnó agus fóillíochta. Is minic a chuireann daoine ar thuras 'gnó is pléisiúir' roinn laethanta breise lena dturas gnó chun dul i dtaithí leis an gceann scríbe. |
| **Imeachtaí Réigiúnacha** | Baineann imeachtaí réigiúnacha le himeachtaí a tharlaíonn taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, de ghnáth i gceann de na moil eile d'imeachtaí gnó (Corcaigh, Ciarraí, Gaillimh agus Réigiún na Sionainne). |

Tourism Ireland

Fáilte Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland